

# Straitéis um Imeachadh Imirceach

# Phort Láirge

## 2021 – 2024



Comhairle Cathrach  
& Contae Phort Láirge  
Waterford  
City & County Council



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland



Coiste um Fhorbairt Pobail Aitiúil  
Phort Láirge  
Waterford Local Community  
Development Committee

Tá an leagan iomlán den Straitéis seo le fáil ar [www.waterfordcouncil.ie](http://www.waterfordcouncil.ie)



Rialtas na hÉireann  
Government of Ireland





### Achoimriú ar an Straitéis

Cuirtear ar fáil sa doiciméad seo achoimre de Straitéis um Imeascadh Imirceach Phort Láirge, straitéis a d'fhorbair An Coiste um Fhorbairt Pobail (LCDC). Ghlac Comhairle Contae agus Comhairle Cathrach Phort Láirge go hiomlán leis an straitéis agus tá tacaíocht ag an straitéis ó fhorais reachtúla agus ó roinnt eagrais áitiúil.

### An Comhthéacs

Le fiche bliain anuas, tá Port Láirge ag éirí níos ilghnéithe ó thaobh eitneachtaí, náisiúnachtaí cultúir agus teangacha. Baineann deiseanna, dúshláin agus freagrachtaí leis an mbreis ilghnéitheachta seo. Agus imeascadh á chur chun cinn againn bíonn gá leis an leas is fearr a bhaint as na deiseanna atá ann agus na dúshláin a shárú. Is é an sainmhíniú atá uirthi i mbeartas reatha na hÉireann ná:

‘an ábaltacht le bheith rannpháirteach i bpríomhghnéithe na sochaí de réir mar a theastaíonn agus mar ba mhaith leis an duine gan aon iachall féiniúlacht chultúrtha an duine a scaoileadh uaidh nó uaithi’

Aithnítear faoi phróiseas an imeasctha na cearta atá ag imircigh a gcultúr a chleachtadh ar bhealach nach dtagann salach ar bhunluachanna an Aontais Eorpaigh agus shochaí na hÉireann, mar a chuirtear síos air i mbunreacht agus i ndlite na hÉireann.

Athraíonn sochaithe de bharr na himirce. Bíonn tionchar aige ar athruithe saoil d'imircigh agus don tsochaí óstach. Mar sin is déphróiseas é an t-imirce. Baineann sé leis na himircigh agus leis an tsochaí óstach. Cinntíonn cur chuige uilechuimsitheach, faoina mbíonn na himircigh agus an tsochaí óstach páirteach go mbaintear amach na tairbhí is fearr as an ilghnéitheacht.

Sa bhliain 2017, d'fhoilsigh Rialtas na hÉireann straitéis náisiúnta um imeascadh (An Straitéis Náisiúnta Um Imeascadh: Treoir don Todhchaí). Anuas ar chumasú, spreagadh agus treorú an rialtais áitiúil, foras poiblí agus na sochaí níos leithne leagtar oibleagáidí ar fhorais phoiblí a fhaigheann cistí poiblí. Leagtar síos ar na hoibleagáidí seo san Acht Choimisiún um Chearta Daonna agus um Chomhionannas, acht a chuireann freagracht ar áisíneachtaí an méid seo a leanas a bhaint amach:

- Leithcheal a ruaigeadh;
- Deiseanna comhionann a chur chun cinn d'fhoireann agus do dhaoine a gcuirtear seirbhísí ar fáil dóibh; agus
- Cearta na foirne agus na n-úsáideoirí seirbhíse a chosaint

Bhunaigh Comhairle Cathrach agus Comhairle Contae Phort Láirge grúpa feidhmitheoireachta chun maoirseacht a dhéanamh ar an straitéis. Tá ionadaithe ó fhorais phoiblí, soláthróirí seirbhísí, eagrais phobail agus ó Fhóram um Imeascadh Imirceach ar an ngrúpa seo. Mar thoradh air seo bhí grúpa ilghnéitheach geallsealbhóirí páirteach i bhforbairt na straitéise seo agus beidh siad páirteach i gcur i bhfeidhm na straitéise i gcomhar le páirtithe eile do na ceithre bliana atá le teacht. Tá cur chuige leathan agus uilechuimsitheach á ghlacadh ag an straitéis um imeascadh seo do Chomhairle Cathrach agus Comhairle Contae Phort Láirge (2021 – 2024), agus an méid seo a leanas mar chuid de:

- Imircigh;
- Teifigh;
- Lucht iarrtha tearmainn agus daoine atá i soláthar díreach in direct provision;
- Éireannaigh den dara glúin; agus
- Daoine a bhfuil dhá náisiúntacht acu



## Aidhm agus Réasúnaíocht

Cuireann an straitéis seo creatlach tacaíochta ar fáil d'ionchuimsiú agus do imeascadh gach pobal imirceach i gcontae agus i gcathair Phort Láirge. Tá sé mar aidhm sa straitéis tacaíocht a thabhairt maidir le imeascadh imirceach i ngach gné de shaol sa chathair agus sa chontae; tá gníomhartha straitéiseacha leagtha síos a bhaineann le gach gné den saol, an geilleagar, an saol sóisialta, riarachán poiblí, seirbhísí, an fhorbairt phobail, spórt, ealaíon agus fóillíocht.

Cuireann imircigh go mór le geilleagair áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta; cuireann siad leis na scileanna a bhíonn ar fáil sa mhargadh saothair, agus comhlíonann siad ról éagsúla in earnálacha éagsúla, go háirithe sa tseirbhís sláinte agus in earnáil an fháilteachais. Tá smaointe úra tugtha ag imircigh go pobail; tá gnólachtaí bunaithe acu, go háirithe i lárionad bailte agus bíonn siad i measc na ndaoine is gníomhaí, cruthaithí agus spreagúla de bhaill an phobail. Tá imircigh tar éis cur lenár bhfeasacht féin ar chultúr agus ar oidhreacht na hÉireann, ár dtaithí leis an eismirce san áireamh agus glacann siad go fonnmar lenár slite féin – agus breith á coimeád acu ar a gcultúr féin.

Cé go bhfuil go leor 'scéalta ratha' ann de dhaoine a d'aistrigh anseo go hÉirinn/go Port Láirge agus saolta sona sásta á gcaitheamh acu anseo – tá roinnt dúshlán roimh dhaoine eile. Bíonn sé deacair ar imircigh teacht ar eolas ar leith, cairde a dhéanamh, poist a fháil agus a bheith páirteach i gcoistí pobail. Is féidir leis an bpróiseas a bhaineann lena bheith ag plé le córais agus le próisis in Éirinn a bheith mearbhallach do imircigh. Tá baic teanga agus chultúrtha i gceist. Tá baic eile ann chomh maith mar bhaic institiúideacha agus ó thaobh meoin daoine de. De bharr réamhchlaonadh leithcheal agus an chiníochais i gcoinne imirceach, cuirtear srian ar imircigh agus iad ag iarraidh barr a maitheasa a bhaint amach. Mar sin ní éiríonn leis an imeascadh go horgánach. Bíonn gá le hionchuir agus le hiarrachtaí. Cuireann an straitéis seo comhairle ar fáil maidir leo seo.

## An bunús faisnéise

Is toradh é an straitéis seo de obair chomhpháirtíochta, dianchomhairliúcháin agus taighde oibiachtúil. Tá an straitéis seo á tógáil ar bhunús na gcaidreamh gníomhacha agus an choimhairliúcháin a rinneadh le pobail imirceachas, soláthróirí seirbhíse – reachtúil agus neamhreachtúil – agus páirtithe leasmhara eile. Tá an taighde ar a bhfuil an straitéis seo bunaithe tar éis cur chuige modhanna measctha a chur i bhfeidhm – déantar tagairtí do litríocht agus do bheartais agus bailíodh bunfhaisnéis trí shuirbhéanna (a cuireadh ar fáil i sé theanga) agallaimh duine ar dhuine le himircigh agus le geallsealbhóirí eile, grúpaí fócais, ceardlanna agus cruinnithe poiblí. Aithnítear tríd an gcur chuige seo gur próiseas iltreorach é an t-imeascadh – próiseas a mbíonn páirt ag imircigh agus an 'tsochaí óstach' ann.

Léiríonn an taighde:

- Gurb í muintir na Polainne agus na Liotuáine an dá mhuintir tíre is mó atá i bPort Láirge tar éis do mhuintir na hÉireann agus muintir an Ríocht Aontaithe;
- Gur ón Rómáin, an Chróit, an Bhrasaíl agus an Meán Oirthear atá an líon is mó d'imircigh ag teacht anseo ón mbliain 2011
- Go bhfuil tuairim is 400 duine ag maireachtáil i soláthar díreach i bPort Láirge, cuid mhór acu seo atá ag teitheadh ó chogadh, coimhlint nó ó ghéarleanúint;
- Go bhfuil breis is 1,700 duine ag maireachtáil i bPort Láirge gan scileanna maithe labhartha sa Bhéarla nó gan labhairt an Bhéarla in aon chor acu;
- Gur mó an seans go mbeidh imircigh fostaithe i bhfostaíocht neamhoilte ainneoin cáilíochtaí a bheith acu;
- Gur mó an seans go mbeidh imircigh ag maireachtáil i lóistín phríobháideach ar cíos ná mar atá muintir na hÉireann;
- Go bhfuil roinnt limistéar a bhfuil dlús ar leith daonra d'imircigh iontu go háirithe i lár na

cathrach; agus

- Go bhfuil sciar níos airde d'imircigh ag maireachtáil i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste eacnamaíochta i bPort Láirge (Cathair agus Contae).

Léiríonn na comhairliúcháin (suirbhéanna agus ceardlanna san áireamh) a rinneadh le himircigh agus leis an tsochaí óstach (muintir na hÉireann) an méid seo a leanas:

- Go mbaineann éagsúlacht le taithí imirceach ag brath ar chúlra eitneach agus cultúir an duine agus go bhfuil riosca níos mó i gceist le daoine áirithe go ndéanfaí dúshaothrú orthu – tá cur chúigí nuálaíochta de dhíth chun imeascadh a chur chun cinn;
- Tá ilghnéitheach ann i measc dhaonraí imirceach agus tá gá le straitéisí imirceacha le comhpháirtíocht a chothú trasna féiniúlachtaí agus cultúir éagsúla;
- Féachtar ar scoileanna, leabharlanna agus eagrais dheonacha agus phobail mar áiseanna a chothaíonn an t-imeascadh agus tá go leor ar féidir linn forbairt a dhéanamh air go háitiúil; agus
- Tá ról ar leith le himirt ag oibrithe deonacha agus an fhoireann túslíne i gcur chun cinn an imeasctha.

I measc imirceach is iad na focail is minice a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar Phort Láirge ná cairdiúil, síocháin, ciúin, baile, áilleacht agus fáilte.

Tagann geallsealbhóirí Phort Láirge leis an tábhacht a bhaineann le tógáil a dhéanamh ar an ábhair dhearfacha atá ann agus maidir leis na dea-chleachtais atá ann cheana féin ó thaobh imeascadh de. Aithnítear ag an am céanna, áfach, go gcaitear infheistíocht leanúnach sheasmhach a chinntiú ón rialtas i seirbhísí, tionscadail fhorbartha agus gníomhaíochtaí for-rochtana.

### **An straitéis a bhaint amach**

Tá an straitéis seo uailmhianach; straitéis ina gcuirtear daichead trí moladh roimpi. Tá na moltaí seo bunaithe ar mholtaí réadúla agus tarraingíonn an straitéis ar dhea-thoil, tiomantas agus saineolas atá ar fáil go háitiúil. Tá ceangal idir na moltaí (gníomhartha straitéiseacha) go léir agus tacaíonn siad lena chéile.

Tá na gníomhartha straitéiseacha bunaithe ar na tosaíochtaí lárnach seo a leanas:

- An rochtain a bhíonn ag imirceach ar eolas cruinn, tráthúil ar féidir brath air maidir le deiseanna agus seirbhísí atá ar fáil sa phobal a fheabhsú;
- Forbairt a dhéanamh ar an bhFóram um Imeascadh Imirceach Phort Láirge, agus ar na struchtúir eile a mbíonn tionchar acu ar an tsochaí;
- Líofacht imirceach a fheabhsú sa Bhéarla (agus sa Ghaeilge) mar chuid de phróiseas a fhéachann chuig a ndeiseanna a fheabhsú sa mhargadh saothair, i ngréasáin shóisialta agus i bhforais chinnteoireachta;
- Imircigh a chumasú lena scéalta féin a insint mar chuid de cheiliúradh níos leithne – ceiliúradh stairiúil, comhaimseartha agus féideartha – a chuirfeadh le geilleagar, oidhreacht agus sochaí Phort Láirge; agus
- Breis Éireannach a mhealladh chun imeascadh a chur chun cinn agus le dul i ngleic le réamhchlaonadh, éadulaingt agus ciníochas.

Molann páirtithe leasmhara cur chuige cearta daonna a thugann éifeacht do spriocanna inbhuanaithe na Náisiún Aontaithe. Tá éifeacht na straitéise seo ag brath ar:

- Éisteacht a thabhairt go córasach do phobail imirceach;
- Freastal cuí a dhéanamh ar riachtanais shonracha ban agus páirtí (profáil inscne agus páistí)
- Páirt na nÉireannach a choimeád gníomhach sa phróiseas.





Chun an straitéis seo a bhaint amach beidh gá le ceannaireacht shibhialta, infheistíocht agus tiomantas. De bharr cháilíocht ilghnéitheach a bheith ag baint leis an imeascadh beidh gá le hionchur ó na háisíneachtaí, eagraíochtaí agus pobail go léir. Ní bhaineann an straitéis seo le haon áisíneacht amháin. Roinntear an straitéis idir gach aon duine a bhfuil páirt acu ann agus ba chóir go gcuirfidís leis.

Tá na gníomhartha straitéiseacha leagtha amach i naoi dtéama ar leith mar a chuirtear síos orthu sa tábla seo a leanas.

### Straitéis um Imeascadh Imirceach Phort Láirge (2021 – 2024)

Téamaí	Gníomhartha Straitéiseacha
1. Rochtain ar sheirbhísí poiblí	<p>a. Mol ‘Fáilte go Port Láirge’ a chruthú mar phointe láir agus mar fhoinsé chomhardaithe eolais a fhorbairt – spás beomhar, geal, ionchuimsitheach, oscailte, ilghnéitheach, ilchultúrtha, idir-chultúrtha agus iltheangach.</p> <p>b. Eolaire ar líne de sheirbhísí poiblí agus seirbhísí ionchuimsithe sóisialta a chur le chéile.</p> <p>c. Clár oiliúna córasach a sheachadadh do phearsanra áisíneachta – chun tuiscint níos fearr a fháil ar chúlraí cultúir agus le bheith níos tuisceanaí nuair a bhítear ag plé le agus ag freagairt do ábhair leochaileacha. Is gá go ndéanfaí freastal san oiliúint ar na hoibleagáidí agus ar na dea-chleachtais a bhaineann leis an Acht Choimisiún um Chearta Daonna agus um Chomhionannas.</p> <p>d. Tabhairt faoi fheachtas chun eolas a thabhairt do imircigh maidir lena gcearta, go háirithe maidir le cúrsaí fostaíochta agus leasa shóisealaigh/árachas sóisialta.</p> <p>e. Eolaire agus aip ‘Fáilte go Port Láirge’ a fhorbairt, a mbeidh fáil uirthi i dteangacha éagsúla a roinnfidh eolas maidir le deiseanna agus múnlaí a chuirfidh an rannpháirtíocht shóisialta chun cinn.</p> <p>f. Tógáil a dhéanamh ar na cainéil eolais reatha agus iad a bhfuil taithí dhearfach ag imircigh ina leith, go háirithe leabharlanna, scoileanna/coláistí agus eagrais chreidimh agus eolas á chraobhscaoileadh.</p>
2. Oideachas agus an Fhoghlaim feadh an tSaoil	<p>a. Eolas a roinnt le soláthróirí oideachais faoi ‘stádas brat buí’ (aitheantas do imeascadh agus do ilghnéitheacht) agus iad a spreagadh le cur isteach air</p> <p>b. Infheistíocht a dhéanamh i dtacaíochtaí breise don Bhord Oideachais agus Oiliúna agus do sholáthróirí eile le cinntiú go ndéanfar ranganna Béarla a leathnú amach agus a chur ar fáil.</p> <p>c. Oibriú i gcomhar leis an Roinn Oideachais agus Scoileanna chun athruithe struchtúrtha a bhaint amach i gCóras Oideachais na hÉireann chun go mbeidh ailíniú níos fearr le cuspóirí imeasctha.</p> <p>d. Acmhainní cuí a chur ar fáil do scoileanna le cur ar a gcumas ábhar a sholáthar i dteangacha éagsúla chun deis rannpháirtíochta níos fearr a thabhairt do thuismitheoirí tacaíocht a thabhairt d’oideachas a bpáistí.</p> <p>e. Comórtas bliantúil a rith ar ‘an tionscadal ilchultúrtha is mó’ san oideachas.</p> <p>f. Tacaíocht a chur ar fáil do scoileanna agus seirbhísí cúram leanaí chun imeascadh a chur chun cinn agus ilghnéitheacht bhreise a spreagadh i measc chomhábhar náisiúnachtaí agus eitneachtaí i bhfoireann na scoileanna, sna seirbhísí agus i gcumainn tuismitheoirí.</p> <p>g. Tacú le gach scoil, go háirithe scoileanna meánleibhéil, chun cosc agus ruaig a chur ar gach cineál bulaíochta nó ciapadh ar bhunús eitneacht/náisiúntacht/creideamh/oidhreacht/cúlra cultúir nó féiniúlacht.</p> <p>h. Scoileanna a chumasú chun seirbhísí aistriúcháin/ateangaireachta a chur ar fáil ag seisiúin eolais poiblí, mar shampla, oícheanta oscailte (do dhaltaí a bheidh ag dul isteach sa mheánscoil dá gcéad bhliain).</p>
3. Fostaíocht agus Conarthaí chun na Fostaíochta	<p>a. An tiomantas a tugadh sa straitéis náisiúnta um imeascadh chun líon na ndaoine a thagann ó chúlra imirce atá ag obair ag gach leibhéal den seirbhís phoiblí, go háirithe i ról tús-líne a mhéadú a bhaint amach.</p> <p>b. Tacú le fostóirí agus le háiteanna oibre chun ionchuimsiú níos fearr a chothú d’oibríthe a thagann ó chúlra imirce agus tacú lena ndul chun cinn ghairmiúil.</p>



Téamaí	Gníomhartha Straitéiseacha
<p>3. Fostaíocht agus Conarthaí chun na Fostaíochta</p>	<p>c. Catagóir ‘imeascadh’ a chur san áireamh i ngradaim gnólachtaí Phort Láirge, agus dreasachtaí a chur ar fáil do ghnólachtaí agus do fhostóirí chun an idirchultúrthachas a chur chun cinn san ionad oibre.</p> <p>d. Tacú le himeachtaí réigiúnda a bhfuil sé d’aidhm acu fiontraíocht agus nuálaíocht a chur chun cinn – i gcomhar le Oifigí Fiontair Áitiúla agus le comhlachtaí áitiúla um fhorbairt pobail i Réigiún an Oirdheiscirt.</p> <p>e. Tacaíocht agus poiblíocht a thabhairt d’imeachtaí na gceardchumann a ardaíonn feasacht, agus tacaíocht shofheicthe a chur ar fáil le cinntiú go mbeidh imircigh á gcomhtháthú go hiomlán sa bhfórsa saothair.</p> <p>f. Oibriú le forais náisiúnta le socrúithe idirthréimhseacha a chur ar fáil do imircigh le cabhrú leo siúd atá ag imeacht ó ionad soláthair dhírigh agus ó stádas teifigh chun post a bhaint amach sa bhfórsa saothair.</p> <p>g. Iniúchadh scileanna a dhéanamh i measc imirceach agus na torthaí a scaipeadh mar chuid d’ardú feasachta agus déphróisis atá tábhachtach chun imeascadh a bhaint amach.</p>
<p>4. Sláinte</p>	<p>a. Treisiú a dhéanamh leis an Mol Sláinte mar bhonn eolais agus mar aonad a chuireann tacaíochtaí agus idirghabhálaithe sláinte coisctheacha cuí ar fáil.</p> <p>b. Meánshruthú a dhéanamh de na dea-chleachtais a bhaineann leis an Tionscadal Abhcóideachta um Shláinte Romach.</p> <p>c. Cinntiú a dhéanamh go mbeidh eolas níos fearr ag imircigh, agus go gcumasófar iad chun teacht ar sheirbhísí GP agus a chinntiú go mbeidh feasacht ag na dochtúirí ginearálta seo ar riachtanais imirceach agus ar na tacaíochtaí atá ar fáil ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte.</p>
<p>5. Imeascadh sa Phobal agus Ionchuimsiú Sóisialta</p>	<p>a. Dul i gcomhairle le grúpaí/eagraíochtaí ban i gcathair agus i gcontae Phort Láirge chun feasacht níos fearr a ardú ar an ról a d’fhéadfaidís a imirt maidir le cur chun cinn an imeasctha agus iad a spreagadh chun ionchuimsiú agus ilghnéitheacht bhreise a chothú ina measc.</p> <p>b. Meáchan breise a chur le cur chun cinn an imeasctha nuair a dhéantar meastóireacht ar iarratais ar mhaoiniú nó ar ghradaim ar leibhéal na n-eagraíochtaí pobail agus deonacha.</p> <p>c. Forbairt bhreise a dhéanamh ar an bhFóram um Imeascadh Port Láirge chun oifigeach forbartha a earcú agus a phlean straitéiseach féin a ullmhú. Níor mhiste go mbeadh acmhainneacht ilteangach ar fáil san Fóram (agus an t-oifigeach seo a bheith ilteangach (chomh fada agus is féidir) agus go ndéanfaí iarrachtaí láidre chun daoine ó gach cúlra cultúir, eitneach agus teangeolaíoch a chur san áireamh.</p> <p>d. Leas a bhaint as an bhFóram um Imeascadh mar uirlis chun eolas a scaipeadh agus mar ardán chun rannpháirtíocht imirceach a chur chun cinn sa phobal.</p> <p>e. Naise níos láidre a chur chun cinn idir an Fóram um Imeascadh Imirceach agus an Gréasán um Rannpháirtíocht Pobail (PPN).</p> <p>f. Cur leis na seirbhísí a bhfuil fáil orthu faoi láthair do theifigh agus do lucht iarrtha tearmainn a bhfuil stádas teifigh nó ceadúnais oibre bainte amach acu agus don lucht Rómach.</p> <p>g. Rannpháirtíocht bhreise a bhaint amach idir ionaid acmhainneachta teaghlaigh agus tionscadail forbartha pobail maidir le cur chun cinn an imeasctha agus a chinntiú go mbeidh baint nó mealladh ann do phobail imirceacha.</p> <p>h. A chinntiú nach mbeidh aon chleachtais leithlisithe chun cinn i soláthar tithíochta.</p> <p>i. An Chomhairle Contae agus Cathrach a chumasú leis na hacmhainní atá de dhíth le cinntiú go mbíonn lóistín compordach ag imircigh atá i margadh na gcíosanna agus a bhfuil íocaíochtaí tacaíochta tithíochta á bhfáil acu.</p>



Téamaí	Gníomhartha Straitéiseacha
6. Rannpháirtíocht Pholaitúil agus Rannpháirtíocht Shibhialta	<p>a. Oibriú le hInstitiúid Teicneolaíochta Port Láirge (idir fhoireann agus mic léinn) le cinntiú go mbeidh tuiscint ag imircigh agus ag mic léinn idirnáisiúnta ar chóras polaitíochta na hÉireann agus ar na bealaí gur féidir le saoránaigh guth a bheith acu sna córais cinnteoireachta.</p> <p>b. Tacaíochtaí dírithe a chur ar fáil dóibh siúd atá ag teacht as an soláthar díreach agus iad a thagann ó thíortha a bhfuil easpa struchtúr daonlathais iontu le go mbeidh tuiscint acu ar chearta agus ar fhreagrachtaí shaoránach na hÉireann agus na hEorpa. Níor mhiste go mbeadh na hidirghabhálaithe seo dírithe go háirithe ar mhná.</p>
7. Feasacht Ilchultúrtha a chur chun cinn agus Cur in Aghaidh Ciníochas agus an tSeineafóibe	<p>a. Go dtabharfaidh gach comhairleoir, Teachta Dála, MEP tiomantas ar bhonn poiblí le tacaíocht a chur ar fáil do straitéisí um imeascadh ar bhonn contae agus ar bhonn náisiúnta.</p> <p>b. Go dtaispeánfaidh forais phoiblí, oifigí, ionaid oibre, scoileanna, seirbhísí cúram leanaí agus eagraíochtaí spóirt/pobail siombail agus comharthaí a léireoidh a dtacaíocht don idirchultúrthachas.</p> <p>c. Go nglacfaidh ionadaithe Phort Láirge go gníomhach agus go hiomlán in imeachtaí, gréasáin agus fóraim ag leibhéal náisiúnta agus ag leibhéal an Aontais Eorpaigh chun dea-chleachtais san imeascadh agus san idirchultúrthachas a chur chun cinn.</p> <p>d. Obair ‘Port Láirge: Áit Thearmainn’ a chur chun cinn.</p>
8. Obair Dheonach	<p>a. Tógáil a dhéanamh ar an gclár tacaíochta um fháiltiú de chuid LEADER a cuireadh ar siúl i Lios Mór agus a ndea-eilimintí a chur i bhfeidhm sna pobail eile sa chontae.</p> <p>b. Oiliúint chórasach a chur fáil san idirchultúrthachas do ghrúpaí pobail agus deonacha, go háirithe i ngrúpaí áitritheoirí.</p> <p>c. Tacú le hobair eagraíochtaí deonacha agus pobail atá ag plé go gníomhach le pobail imirceacha.</p>
9. Spóirt	<p>a. Oibriú i gcomhar leis an Roinn Dlí, Cirt agus Comhionannais le cinntiú go bhfuil na córais a bhaineann le slánú póilíneachta/garda ag plé go héifeachtach le leas chosaint leanaí agus go ndéantar cumasú ar bhreis rannpháirtíochta ó imircigh in eagraíochtaí spóirt – idir ról dheonacha agus íochta.</p> <p>b. Spreagadh a thabhairt d’eagraíochtaí spóirt cóitseálaithe ó chúlraí éagsúla cultúir agus eitneach a earcú.</p> <p>c. Taispeántas idirchultúrtha spóirt a eagrú.</p>







